Ach tá cineálacha eile fraoigh ag fás anseo freisin. Ní fhaightear an fraoch camógach (*Erica Erigena)* in Éirinn ach amháin in Iarthar Mhaigh Eo agus i nGaillimh. Fásann sé sa Spáinn, sa Phortaingéil agus sa Fhrainc chomh maith. Tá an planda seo go hiomlán faoi bhláth anois ó bhí deireadh na Samhna seo ann agus is rud neamhghnách é sin mar is iondúil gur sa Mhárta a thagann na bláthanna air.

Bhí an oiread sin de mheas ar an bhfraoch sa seanam is go raibh áit tuilte aige i nDlíthe na mBreithiún ar chrainn agus ar thoir. (Ba iad Dlíthe na mBreithiún an córas dúchasach dlí a bhíodh in Éirinn ó am na gCeilteach go dtí an 7^{ú} Céad). Bhíodh sé in aghaidh an dlí an fraoch a ghlanadh go hiomlán as páirc agus bhíodh fíneáil *dairt* (bodóg bliana) amháin le gearradh dá ndéanfaí sin.

Eolas Úsáideach

Tá cúrsa do threoraithe, "Marine and Countryside Guide Cert", atá aitheanta ag Fáilte Ireland, á eagrú i mbliana. Beidh sé ar siúl dhá oíche sa tseachtain go dtí mí Iúil. Téigh i dteagmháil le Oliver O'Cadhla, 087-6844203, le sonraí a fháil.

Tá an nuachtlitir seo agus na heagráin go léir roimpi seo le fáil ar ár suíomh gréasáin anois *www.ballycroynationalpark.ie*

Más maith leat d'ainm a bheith ar an liosta seoltaí níl le déanamh ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig sa Lag Dubh.

Má chuimhníonn tú ar ábhar ar bith gur mhaith leat go gcuirfí síos air sa chéad eagrán eile inis dúinn faoi.



Fána:

Scréachóga Reilige (*Tyto alba)* – Faraor ní hé an oiread sin de na scréachóga reilige a fheictear anois go háirithe san Iarthuaisceart. Is le titim na hoíche is minice a fheictear iad agus iad ag eitilt go híseal os cionn a n-áiteanna seilge nó i gceannsoilse carranna. Tá an speiceas seo ar cheann den 25 éan a liostaítear sa Red Book gur údar imní ó thaobh Caomhantais de iad in Éirinn.

Ní thuigtear go beacht cén chúis a bhfuil a líon ag dul i laghad ach is dócha go mbaineann na cúiseanna leis na hathruithe sa chleachtas talmhaíochta (gan curaíocht ar scála beag a bheith ann anois, an t-athrú ó fhéar tirim go sadhlas, fálta sceach a bheith á mbaint agus araile), gan na láithreacha traidisiúnta neadacha a bheith ann (scrios, trochlú, scartáil agus athchóiriú seanfhoirgneamh) agus níos mó d'úsáid a bheith á baint as creimiricídí nimhiúla.

Tá John Lusby as Cairde Éanlaith Éireann agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh ag tabhairt faoi thionscadal taighde, a bheidh maoinithe i bpáirt ag an tSeirbhís Páirceanna

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra
Oifig an Laig Dhuibh: **098 49996**

Nuachtlitir mhí Feabhra 2009 - Eagrán Uimh. 5

An tEolas is deireanaí faoin Ionad Cuairteoirí:

Tá an obair thógála ar an Ionad Cuairteoirí críochnaithe. Tá Melmount Developments Ltd. tar éis tosú ag obair ar na cosáin taobh amuigh; timpeall is 2km de chlárchosán chomh maith le cosán gairbhéalta thart timpeall an chnoic ar chúl an Ionaid Chuairteoirí a bheidh iontu. Tógfar linn chomh maith ar mhaithe le cúrsaí oideachais. A thúisce is a bheidh na cosáin críochnaithe dúnfar an bóthar nua atá ag dul amach ar an N59 díreach taobh ó dheas de shráidbhaile Bhaile Chruaich mar gur bóthar sealadach é.

Tá Cod Steak Ltd. ag tabhairt faoi dhéanamh na dtaispeántas léirmhínithe. Ba chóir go mbeadh an obair seo críochnaithe agus curtha isteach faoi dheireadh mhí an Mhárta.

An tIonad Cuairteoirí sa Pháirc Náisiúnta i mBaile Chruaich.

Céard atá ag tarlú i limistéar ainmnithe na hAbhann Duibhe/Néifinne & i bPáirc Náisiúnta Bhaile Chruaich?

- Úsáideann baill foirne na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra rothair shlí ar na cosáin san áit anois. Leis sin cuirfear ceann de thionscnaimh na Roinne maidir le hiompar inbhuanaithe a chur chun cinn i measc a ball foirne i bhfeidhm. Úsáidtear iad le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar láithreacha, le haghaidh patról agus tugtar faoi deara gur iontach an modh iad chun fiadhúlra a chloisteáil agus dul ina ngaobhar.

- Tosaíodh ar an obair ag glanadh Róslabhrais ar thailte na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta ar Shliabh an Chloiginn. Obair thiarálach í agus leanfaidh sí ar feadh an earraigh. Áirítear smachtú na speiceas ionrach ar dhea-chleachtais feirmeoireachta. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do phleanálaí feirme i REPS nó sa tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le comhairle a fháil. Breithneofar iarratais ó dhaoine a mbeadh fúthu an cineál seo oibre a dhéanamh ar a gcuid talún faoi Dheontas Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta chomh maith, a mhaoinítear faoin tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Téigh i dteagmháil leis an gComhairle Oidhreachta, 056 777 0777, nó téigh isteach ar www.heritagecouncil.ie
- Tá maoiniú á chur ar fáil ag Fáilte Ireland le go bhféadfar comharthaíocht/comharthaí slí nua a cheannach le haghaidh Shlí Bhaingear. Ceanglas amháin é seo maidir leis an tSlí a uasghrádú ionas go mbeidh sí ar chaighdeán na Slite Náisiúnta Slímharcáilte agus is obair riachtanach í sin d'fhonn clúdach árachais a fháil don tSlí ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Fuarthas na Comharthaí Slí (déanta as ábhar plaisteach athchúrsáilte) i Maigh Eo agus tá sé i gceist gur daoine as an áit a chrochfaidh na Comharthaí Slí tríd an Scéim Shóisialta Tuaithe. Is cuid thábhachtach de Straitéis na Slite Siúlóide atá ag Comhairle Contae Mhaigh Eo í an obair seo.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh le suirbhé an gheimhridh ar Chromán na gCearc (léigh eagrán 4) sa limistéar. Déantar monatóireacht ar chorramharc orthu agus ar fhaire speisialta ar a bhfara agus cuirtear sin ar taifead. Má fhaigheann tú amharc ar bith orthu déan teagmháil leis an oifig sa Lag Dubh le do thoil.
- Tá na cuairteanna geimhridh ar na láithreacha le haghaidh an tsuirbhé ar Atlas Éan 2007-11 faoi lán an tseoil arís; is iad Cairde Éanlaith Éireann atá á chomhordú agus tá sé maoinithe i bpáirt ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Sheol craobh Mhaigh Eo a suíomh gréasáin nua www.birdwatchmayo.org le gairid. Tá laethanta amach eagraithe acu agus tá daoine á lorg acu chun dul ina dteannta is cuma an bhfuil mórán ar eolas acu faoi éin nó nach bhfuil. B'fhéidir gur mhaith an chaoi é seo le cur le do chumas éin a aithint agus ansin b'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar lámh chúnta a thabhairt dúinn ansin chun an limistéar go léir a chlúdach le haghaidh an Atlais Éan – tá lear mór cearnóg ann a bhfuil suirbhé le déanamh orthu fós.

- Ba dheas ó Pat Gallagher marc Sapair (Ladhar Gé/Crobh Préacháin) atá ar Shlí Bhaingear a thaispeáint do bhaill foirne allamuigh. Sapar (Innealtóir, ar shaighdiúir é a bhíodh ar sheirbhís mhíleata sa Chomhlathas Briotanach/in arm na Breataine go hiondúil) a ghearr na marcanna seo sa chloch i lár na 1800aidí agus tá siad le fáil ar fud na hÉireann agus is creat iad de phointí beachta in áiteanna arda do Phleanálaithe, Suirbhéirí agus Innealtóirí. Má tá tú ar an eolas faoi limistéir ina bhféadfadh a leithéid de mharcanna a bheith gearrtha téigh i dteagmháil leis an oifig sa Lag Dubh le do thoil.
- Beidh an stoc le bheith bainte de Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe/Néifinne go dtí an 13ú Bealtaine le haghaidh an gheimhridh (ach beidh briseadh mar is gnáth ann ón 1chd Eanáir go dtí an 13ú Feabhra). Leanfar den mhonatóireacht ar thalamh agus ón aer i gcaitheamh an ama sin chun bheith ag faire go bhfuil sin á chomhlíonadh.
- Déantar dianmhonatóireacht ar stoc a théann isteach ar thailte na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus cuirtear sin ar taifead. Má theastaíonn uait na teorainneacha a chinntiú nó má bhíonn ceist ar bith agat téigh i dteagmháil leis an oifig sa Lag Dubh le do thoil. D'fhéadfaí stoc a ghaibhniú dá leanfaidís den mhínós agus d'fhéadfaí pionós a ghearradh.
- Beidh an suirbhé ar ghé bhánéadanach na Graonlainne ar siúl arís i mbliana (léigh eagrán 2) agus ba mhaith linn iarraidh ar mhuintir na háite cabhrú linn agus a insint dúinn faoi fháireadh nó láthair bheathaithe ar bith a mbeadh eolas acu fúthu. Níor tháinig siad ar an bportach atá sa Limistéar faoi Chosaint Speisialta nuair a bhí cúpla seachtain den fhuacht mhór againn (bhí leac oighir ar an talamh agus ní bheidís ábalta bia a fháil ann). Ach cá ndeachaigh siad? Ba mhór againn dá gcuirfí amharc ar bith orthu nó eolas ar bith fúthu in iúl dúinn. Déan teagmháil le Nicola Carroll san oifig sa Lag Dubh.

Flóra:

Fraoch – Is iomaí duine nach gcuimhníonn ach ar aon phlanda amháin nuair a luaitear fraoch. Tá trí fhraoch choitianta ar an mbratphortach atá sa limistéar. Fraoch mór (*Calluna vulgaris)*, Fraoch cloigíneach (*Erica cinerea)* agus Fraoch naoscaí (*Erica tetralix*). Is iondúil go mbíonn na cineálacha seo fraoigh faoi bhláth ó Iúil go Meán Fómhair. Is iad bláthanna an fhraoigh naoscaí is túisce a osclaíonn, agus blátha an fhraoigh chloigínigh ina dhiaidh sin agus blátha an fhraoigh mhóir ina dhiaidh sin arís. Ní hé an t-achar céanna a mbíonn na cineálacha éagsúla fraoigh faoi bhláth agus téann an séasúr i bhfad rud a théann chun leasa na bhfeithidí. Is maith leis an bhfraoch naoscaí fás ar imill fhliucha na bportach, is maith leis an bhfraoch cloigíneach áiteanna níos tirime agus is maith leis an bhfraoch mór áiteanna tirime freisin, na tortóga caonaigh de ghnáth.

Fraoch camógach (*Erica erigena)*

Náisiúnta agus Fiadhúlra, chun iarracht a dhéanamh meabhair a bhaint as na cúiseanna go bhfuil a líon ag dul i laghad. Is í an phríomhaidhm atá acu fáil amach céard is gá do na Scréachóga Reilige ó thaobh seilge agus gnáthóige de. Táthar tar éis tarchuradóirí raidió a chur ar naoi n-éan go dáta agus táthar tar éis a ngluaiseachtaí a thaifeadadh. Bíonn na héin ag seilg go rialta suas le 5km ón áit a mbíonn na neadacha acu. Áirítear barraí gráin, talamh garbh féaraigh agus imill fhéaraigh le hais coillearnacha agus fálta sceach ar na cineálacha gnáthóg atá tábhachtach dóibh le bheith ag seilg iontu.

Táthar ag súil go dtaispeánfaidh an taighde an tionchar a bhíonn ag creimiricídí ar an tScréachóg Reilige. Bailíodh 51 conablach in Éirinn go dtí seo agus tabharfaidh anailís ar a bhfíochán ae an leibhéal tocsaine a bhí iontu le fios i ndáil leis na creimiricídí a úsáideadh. (Is cóir a mheabhrú gur lú de sheans a bheadh ann ó nimhiú tánaisteach dá n-úsáidfí nimheanna ina mbeadh warfarin. Iarr ar do sholáthraí áitiúil, más ea, é a bheith i stoc aige nó aici agus dá ndéanfadh bheadh dea-obair ar siúl againn go léir.)

Díreofar ar Mhaigh Eo sa bhliain 2009 ar mhaithe le hiarracht a dhéanamh meabhair a bhaint as an titim mhór atá ag tarlú i líon na Scréachóg Reilige san Iarthuaisceart. Ní eol ach trí cinn de láithreacha agus baileofar piollairí chun eolas a fháil faoina mbia agus araile agus déanfar taighde chomh maith ar úsáid na ngnáthóg agus ar an achar a mbíonn na héin as baile. Tá John ag iarraidh ar an bpobal lámh chúnta a thabhairt agus níl le déanamh ach eolas faoi amharc ar bith orthu, faoi chonablaigh a fheictear, láithreacha gur eol iad a bheith ag neadú nó ar a bhfara iontu a sheoladh chuige ag jlusby@birdwatchireland.ie, nó glaoch air, 057 9151676 sin nó teagmháil a dhéanamh le Nicola Carroll san oifig sa Lag Dubh.

An raibh a fhios agat?

Cuireann féileacáin áirithe, cosúil leis an Ruán Beag agus an Phéacóg an geimhreadh díobh in Éirinn nuair a bhíonn siad fásta. Déanann siad iarracht dul isteach in áit theolaí (an teach, de ghnáth, ach chonaic mé an phéacóg istigh in íochtar tiubh, tirim, teolaí an phlanda féaraigh lánfhásta Pampas sa ghairdín) ag teannadh le deireadh mhíonna an tsamhraidh. Is cosúil gurb é an teophreas nó istigh idir phléataí na gcuirtíní na háiteanna is fearr leo.

Mar sin má fheiceann tú féileacán sa teach sa gheimhreadh agus má cheapann tú go bhfuil sé marbh ná caith amach tríd an bhfuinneog, san fhuacht é mar níl ann ach go bhfuil sé ag fanacht go foighneach leis an gcéad chuid de laethanta teo an earraigh agus má mhaireann sé beidh sé ar cheann den chéad chuid de na féileacáin a bheidh le feiceáil againn.